

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain



Teach HPL, Brooklyn, Nua-Eabhrac

Mair, a chapaill, agus gheobhaidh tú féar! Mair, *An Gael*, agus gheobhaidh tú scríbhneoirí is léitheoirí! Seo an dara eagrán nua, agus tá roinnt scríbhneoirí nua againn maraon le roinnt seanchairde. Ní amháin go bhfuilimid éagsúil óna chéile mar gheall ar na háiteanna a bhfuilimid inár gcónaí (An Fhionlainn, an Iodáil, Éire, Meiriceá, Ceanada, agus an Bheilg), ach tá óg, aosta is idir eatarthu againn, freisin. Rinne m’inion Emily an teidil breá nua atá ar an gclúdach. Is ise an duine is óige, 15 bliana d’aois. An scríbhneoir is óige san eagrán seo, sin Séamas Ó Súilleabháin, Ciarraíoch 17 mbliana d’aois, agus tá Ciarán O’Rourke 18, as Baile Átha Cliath. An duine is aosta? Sin Réamonn Ó Cléirigh, 80 bliain saolaithe aige. Agus is cairde sinn go léir mar gheall ar an teanga seo againn.

Seoladh an chéad eagrán nua den irisleabhar seo (samhradh 2009) ag Consalacht na hÉireann i Nua-Eabhrac, agus tá tuairisc air ó Thomás Ó Dubhagáin (as Inis Fada) san eagrán seo. Tá Tomás i measc na ndaoine nach scríobhann ar an idirlíon i gcónaí. Tá dán iontach againn le Réamonn Ó Cléirigh, atá bunaithe ar fhíor-stair a shinsir, a tháinig go Meiriceá ar bord báid a rinne siad féin. Ní chuirfeadh sé Gaeilge air (as Béarla a scríobh sé ar dtús é) ach go n-iarr mé féin air sin, agus tá toradh iontach ar a shaothar, dar liom. Beidh a chomharsana i Leitir Mealláin bródúil as, táim cinnte. Caitheann Réamonn leathbhliain in Éirinn agus leathbhliain i Meiriceá (is as Inis Fada é). Caitheann file eile atá san eagrán seo, Tim Quinlan, leathbhliain san Iodáil agus leathbhliain in Éirinn. Irisleabhar, teanga, agus fiú daoine idirnáisiúnta atá againn! Tá filíocht le Bernard DeBrún againn, freisin. Is as Contae na Gaillimhe é, ach ina dhiaidh sin bhí sé ina chónaí i gContae Laoise, agus ansin Contae Chill Dara, agus ansin i Londain Shasana, agus ansin i mBaile Átha Cliath, agus ansin Maigh Nuad, agus ansin i Nua-Eabhrac. Saghas eile de dhuine idirnáisiúnta! Bíonn siúlach scéalach, cinnte.

Tá dara scéal i stíl HP Lovecraft san eagrán seo le Panu Höglund (ón bhFionlainn). Léigh mé beathaisnéis HPL le L. Sprague De Camp arís le déanaí. Scríbhneoir Meiriceánach ab ea HPL. As Providence Rhode Island é, agus bhí sé ina chónaí

i Nua-Eabhrac ar feadh tamaillín (níor mhaith leis é!). Ní raibh sé an-tógtha le cine ar bith ach Meiriceánaigh de bhunadh Shasana le fada - go bhfuair sé go raibh sinsear Éireannach aige. Bhí HPL páirteach i ngluaiseacht a bhí mór go leor ag tús an chéid seo caite, an iriseoireacht amaitéarach. Is dócha go raibh *An Gael* féin i measc na n-irisí a d’fhoilsigh daoine éagsúla óna dtithe féin san aois sin. Agus táimid amaitéarach fós, mar atá roinnt mhór foilseachán Gaeilge sa lá atá inniu ann. Déantar as díograis is grá na foilseacháin amaitéaracha, beag beann ar an airgead. Ní bhaineann ‘amaitéarach’ le caighdeán (bíonn lochtanna go leor sna foilseacháin phroifisiúnta). Baineann sé le meon is maoin (easpa maoin, de ghnáth!). Agus neamhspleáchas, freisin. Ní bhfaighimid aon airgead ó stát ar bith, agus ní dóigh liom go bhfeicfead an D-fhocal san iris seo (cé go mbímid sásta cabhair a fháil i gcónaí ónár mballraíocht is ár gcairde). Bhí an-spraoi ag HPL mar bhall den ghluaiseacht sin, agus bíonn an-spraoi againne, freisin. Ach ní neart go cur le chéile, a chara! **Más maith leat *An Gael*, scaip an scéal** (nach deas an mana sin?), le do thoil! Is é an gníomh a spreagann an cairdeas, agus an cairdeas a spreagann gníomh.

Sa lá atá inniu ann, roinntear scríbhneoireacht amaitéarach ar an idirlíon, den chuid is mó. Ach tá ról ann fós don iris chlóite. Is féidir ábhar a bhailiú, a bhuanú, is a snaidhm le chéile in

irisleabhar ar dhóigh nach oireann don idirlíon, dar liom. Ní féidir an iomarca a chur ann. Is féidir caighdeán áirithe a chinntiú. Maith nó olc, níl aon eagarthóir ar an idirlíon. Is féidir ealaíon a chur i lámha duine mar irisleabhar. Is féidir punc a chur ag an deireadh, is a rá go bhfuil eagrán áirithe críochnaithe. Agus is féidir irisleabhar a léamh go héasca áit ar bith, am ar bith, agus a chur i dtaisce nó a roinnt le cairde eile. Ní bhíonn aon solas ag teacht as na leathanaigh (ach amháin taitneamh na smaointe!). Bíonn roinnt ábhar ag beagnach gach éinne ar an idirlíon freisin, cinnte (tá liosta de bhlaganna agus suímh eile san eagrán seo), ach ní bhíonn gach aon rud ann, dar ndóigh, agus gach a bhfuil ann, tá sé scaipthe ar fud na blagchruinne agus pé áit eile. Agus tá difear eile ann: maith nó olc, ní mór irisleabhar a cheannach. Ansin, is leatsa é. Tá luach áirithe aige. Tá gaol difriúil ann idir tú féin agus d'irisleabhar féin. Níl sé ar cíós, mar an idirlíon. Is leatsa é.

Gníomhartha agus gluaiseachtaí. Cad tá iontu sin ach an déanamh. Ní bhím an-tógtha le Miley Cyrus, de ghnáth. Ach tá amhrán deas nua ceol tíre aici, *The Climb*. Tuigim go maith é. Bhí deis agam an samhradh seo Sliabh Washington a dhreapadh. Sin an sliabh is airde ar chósta thoir Mheiriceá. Bhí an-spraoi agam, á dhéanamh i dteannta le mo mhac, Connor, agus mo dheartháir céile Rich. Is féidir barr an tsléibhe sin a bhaint amach i ngluaisteán nó ar bord traenach. Nuair a shroichtear an barr, bíonn daoine eile ann i gcónaí a tháinig go héasca gan stró. Ach tá difear nach beag ann idir sin agus

dreapadh an tsléibhe. Spraoi difriúil agus comhluadar difriúil atá ann. Is é an déanamh an rud is taitneamhaí, maraon lena roinnt le chéile. Cén fáth go bhfoghlaímimid is go labhraímid Gaeilge? Nach gcuirtear an cheist sin orainn go rí-mhinic? 'Sé an dreapadh, a chairde. Dreapaimis le chéile - agus go mairimid!

Daoine eile atá ag dreapadh linn san eagrán seo ná Áine Durkin, as Eanách Mheáin agus ina cónaí le fada i gContae Dhún na nGall, Proinsias Mac a' Bhaird, as Árainn Mhór agus ina cónaí i Leitir Ceanainn, Allyson Reid as Toronto, Ontario, agus Lugh DePaor is Gearóid Ó Ceallaigh as Inis Fada, Nua-Eabhrac. Nach comhluadar deas sin!



An t-eagarthóir ar Shliabh Washington

#### Treoracha dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsiúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spráúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfead ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlíon.